# Meáin san Aimsir

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí - meáin<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• ráitis ghinearálta a thuiscint agus a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | meán, luachanna, suimigh, iolraigh, roinn, iomlán, mód, airmheán, ríomh, raon, is airde, is ísle, uasteocht, íosteocht, meán |
| **Áiseanna** | teirmiméadair, méadar báistí, tomhsaire gaoithe, coimeádáin thomhais, cochall gaoithe, ábhair chairtithe, rialóirí |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, fiosraíonn daltaí sonraí maidir le teocht ag áit sa scoil thar thréimhse áirithe. Bailíonn, déanann siad taifead agus cuireann siad na sonraí i láthair i bhformáid chuí thar thréimhse shonraithe. De rogha air sin, thig leo teocht ó chathair/thír eile atá bainteach lena gcuid foghlama a fhiosrú.

### 1 Gníomhaíocht 1

Sainaithníonn daltaí uasteocht agus íosteocht, meánteocht, raon, airmheán agus mód leis na sonraí a fhiosrú.

### 2 Gníomhaíocht 2

I ngrúpaí, cruthaíonn daltaí tacar sonraí don chuid eile den rang, fágann siad luach áirithe ar lár agus cruthaíonn siad fadhbanna atá ar a gcomhscoláirí a réiteach. Réitíonn a gcomhscoláirí na fadhbanna, déanann siad seiceáil cruinnis orthu agus roinneann siad an dóigh ar oibrigh siad a réitigh amach leis an rang. Mar shampla:

- Na teochtaí taifeadta i scoil thar thréimshe cúig lá ná 10°C, 14°C, 12°C, 8°C agus x°C. Má bhí an meánteocht 10°C, cén luach atá ar x?
- Taifeadadh an teocht ar an séú lá agus cuireadh leis an tacar sonraí é. Bhí an meán 10°C go fóill. Cén teocht a bhí sé ar an séú lá?
- Bhí an teocht 13°C ar an seachtú lá. Cén meánteocht nua a bhí ann?

### 3 Gníomhaíocht 3

Bailíonn daltaí a gcuid sonraí féin do ghné aimsire eile, mar shampla báisteach nó luas na gaoithe agus déanann siad na tascanna ó Ghníomhaíochtaí 1 & 2 arís.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an teocht is airde / is ísle?<br>• Cad é an raon maidir le teochtaí sa tréimhse ama seo?<br>• Cad a chiallaíonn an téarma 'meán'?<br>• Cad é airmheán / mód na dteochtaí? | • Mínigh do straitéisí le x a oibriú amach.<br>• Má tá an meán 10°C agus taifeadadh an teocht thar 5 lá, cad iad na teochtaí féideartha do na laethanta sin?<br>• Cad iad na tosca atá ort cur san áireamh le cinnte a dhéanamh go bhfuil do scrúdú cothrom / na sonraí iontaofa? |

## Difreáil

Socraigh luachanna, tréimhse ama agus cineálacha meán úsáidte de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.